Ollscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh Dún na nGall
Atlantic Technological University Donegal

Bóthar an Chalaidh, Leitir Ceanainn,
Contae Dhún na nGall, F92 FC93, Éire

Port Road, Letterkenny,
Co. Donegal, F92 FC93, Ireland

T: + 353 (0)74 918 6000

**Chun iarratas ar fholúntais ag OTA Dún na nGall a chomhlánú is gá duit do shonraí a chur isteach ar líne. Le do thoil, léigh agus lean na treoirlínte go cúramach.**

**Iarratasóirí Inmheánacha:** Daoine atá fostaithe ag OTA Dún na nGall

**Iarratasóirí Seachtracha:** Daoine nach bhfuil fostaithe ag OTA Dún na nGall

Nuair a chliceáileann tú ar "**Folúntais**" ar an leathanach gréasáin eEarcaíochta osclófar bosca dialóige; **iarratasóirí seachtracha**, cliceáil "**Folúntais Phoist Iarratasóirí Seachtracha**", agus osclófar **Leathanach Folúntas OTA Dún na nGall** mar is féidir leat folúntais a chuardach. Cliceáil "**Cuardaigh**" chun liosta folúntas reatha OTA Dún na nGall a fháil.

**Iarratasóirí Inmheánacha**, cliceáil "**Folúntais Phoist Iarratasóirí Inmheánacha"** agus osclófar tairseach CoreHR.

**Tabhair faoi deara le do thoil:** Ní mór do gach Iarratasóir Inmheánach iarratais a sheoladh tríd an tairseach CoreHR.

Féadfar an Sonrú Poist a fheiceáil trí chliceáil ar "**Léigh Tuilleadh"** sa rannán Folúntais Phoist.

Más mian leat cur isteach ar fholúntas atá ar an liosta cliceáil "**Cuir Isteach**" agus léireofar an rannán um logáil isteach.

*Tabhair faoi deara le do thoil: Sa chás gur chláraigh tú cheana le OTA Dún na nGall cliceáil "**logáil isteach**". Más úsáideoir nua tú, cliceáil "**Cláraigh Anois**" agus lean na treoracha thíos.*

## 1. Cuntas Úsáideora Nua a chlárú ag OTA Dún na nGall

### (Ní bhaineann le hIarratasóirí Inmheánacha)

Chun cuntas nua a chruthú, ní mór duit na sonraí ar an leathanach ‘Cláraigh Úsáideoir Nua’ a chomhlánú. Tá na sonraí seo a leanas riachtanach:

Céadainm, Sloinne, Seoladh Ríomhphoist agus Pasfhocal.

Is gá idir 8 agus 20 carachtar sa phasfhocal, litreacha cásmheasctha agus uimhreacha san áireamh.

Úsáidfear an seoladh ríomhphoist seo agus an pasfhocal chun logáil isteach ar shuíomh gréasáin eEarcaíochta OTA Dún na nGall; mar sin ba cheart na sonraí seo a thaisceadh go sábháilte.

*Sa chás go ligeann tú do phasfhocal i ndearmad cuir isteach do sheoladh ríomhphoist agus cliceáil “**Pasfhocal i nDearmad?”** agus seolfar pasfhocal nua chugat.*

Bí cinnte go léann tú na Téarmaí agus Coinníollacha sa rannán seo agus cliceáil an bosca **“cliceáil um aontú”**.

Nuair atá na sonraí uile curtha isteach go cruinn agat cliceáil “**Cláraigh**”. Iarrfar ort ansin do chuid sonraí a chur isteach ar an iarratas ar líne maidir leis an bpost atá á lorg agat.

## 2. Iarratas a Chruthú

Le linn an phróisis iarratais iarrfar ort rannáin éagsúla an iarratais ar líne a chomhlánú. Laistigh de gach rannán, tá réimse ar bith ar a bhfuil an marc * éigeantach agus caithfear é sin a chomhlánú.

Um ghluaiseacht idir rannáin an iarratais ní mór duit cliceáil ar na Cnaipí bainteacha ag deireadh gach rannáin.

**Is é seo a leanas feidhmeanna na gCnaipí a úsáidtear um ghluaiseacht tríd an iarratas:**

- Cliceáil “**Sábháil agus Ar Aghaidh”** chun na sonraí a cuireadh isteach a shábháil agus chun dul ar aghaidh chuig an chéad rannán eile den iarratas.

- Cliceáil “**Cuir le”** chun taifead a chur isteach, cliceáil **“Sábháil agus Cuir le”** más mian leat níos mó ná taifead amháin a chur le rannán e.g. Sonraí Cáilíochtaí, Ballraíocht in Eagras Gairmiúil, Sonraí Fostaíochta, etc.

- Cliceáil “**Ar Aghaidh”** chun dul chuig an chéad rannán eile den iarratas.

- Cliceáil “**Ar Ais”** chun dul ar ais chuig an rannán roimhe.

- Cliceáil “**Fill ar Achoimre”** chun dul ar ais chuig d’iarratas.

- Cliceáil “**Sábháil um Chríochnú”** chun an próiseas iarratais a chríochnú níos deireanaí, roimh an dáta deiridh. Nuair is mian leat an t-iarratas a chríochnú, logáil isteach ar do chuntas, cliceáil **Stair Iarratais** sa **phainéal gluaiseachta** ar chlé, cliceáil “**Sonraí”** chun an tIarratas a fheiceáil agus/nó a chríochnú.

- Cliceáil “**Achoimre um Phriontáil”** más mian leat an t-iarratas a phriontáil roimh chur isteach dó.

- Cliceáil “**Cuir isteach”** chun an t-iarratas a sheoladh isteach.

## 3. Monatóireacht um Chomhdheiseanna

Tá OTA Dún na nGall geallta um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsiú; chun éagsúlacht iarratasóirí a aithint tá Rannán Monatóireachta Chomhionannais ar an bhfoirm iarratais ar líne. Tabhair faoi deara ach go háirithe: Is faoi rún daingean atá faisnéis ar bith a thugtar sa rannán seo; ní úsáidtear é ach chun críche staidrimh daonacmhainní agus ní cuid den phróiseas um ghearrliosta é.

## 4. An tIarratas a sheoladh isteach

*Tá sé* ***fíor-thábhachtach duit aird a choimeád ar an dáta agus am deiridh atá leagtha amach*** *um a chinntiú go seolann tú isteach an t-iarratas ar líne roimh an spriocam deiridh. Sa chás go bhfuil tú i mbun iarratais ar líne agus go bhfuil sé ag druidim leis an spriocam deiridh, taispeánfar teachtaireacht ar an scáileán chun tú a chur ar an eolas go bhfuil an comórtas ag dúnadh in x nóiméad.*

Ní cheadófar duit athruithe ar bith ar dhéanamh ar an iarratas uait tar éis duit é a chur isteach; mar sin, bí cinnte go bhfuil na sonraí curtha isteach go cruinn ceart agat i ngach rannán.

Mar chabhair duit, taispeánfaidh an córas ‘tic’ glas ar an scáileán mar léiriú ar na rannáin atá comhlánaithe.

Nuair atá gach rannán comhlánaithe agat agus nuair atá tú ullamh an t-iarratas a chur isteach, cuir 'tic' le do thoil go n-aontaíonn tú leis na Téarmaí & Coinníollacha mar atá leagtha amach sa doiciméad.

Ansin taispeánfar duit an teachtaireacht thíos. Mura bhfaigheann tú an teachtaireacht seo, **níl d'iarratas curtha isteach**.

| **Iarratas Faighte**<br><br>Tá iarratas uait curtha isteach. Ní féidir leat eagarthóireacht a dhéanamh ar na sonraí don chomórtas seo. Cliceáil an nasc cuardaigh um chomórtais eile. |
|---|

## 5. Admháil ar Iarratas trí Ríomhphost

Gheobhaidh tú admháil uathoibríoch ríomhphoist ar an iarratas uait ar líne, a sheolfar chuig an seoladh ríomhphoist a úsáid tú um chlárú (féadfaidh sé seo thart faoi 15 nóiméad a ghlacadh).

Le do thoil, coimeád cóip phriontáilte den admháil ríomhphoist seo mar chruthúnas gur sheol tú an t-iarratas isteach roimh an dáta agus spriocam deiridh.

Sa chás go n-éiríonn deacrachtaí ar bith le linn duit an córas eEarcaíochta ar líne a úsáid chun iarratas a dhéanamh ar líne ar chomórtas in OTA Dún na nGall, déan teagmháil le do thoil leis an Roinn Daonacmhainní trí ríomhphost chuig recruitment.donegal@atu.ie
Luaigh le do thoil san ríomhphost uimhir thagartha an chomórtais/fholúntais agus teideal an phoist.